# Líon na Bearnaí

## Sraith 15: Ag Toghadh Scoláire na Bliana.

**Pictiúr 1. Bhí "Scoláire na Bliana" le toghadh.**

Ba í Iníon Uí Néill an múinteoir a bhí i gceannas ar an Séú Bliain i gColáiste Éigse Gael. Ba ghnáth léi cruinniú den bhliainghrúpa uilig a ghairm go minic. Le linn ceann de na cruinnithe sin scríobh sí na focail "Toghchán: Scoláire na Bliana" ar an gclár dubh. D'inis sí do na daltaí go raibh ar intinn ag an bPríomhoide _______________ a eagrú agus dalta amháin a roghnú mar "Scoláire na Bliana." Dúirt sí leo go mbeadh cead ag gach dalta sa scoil _____________ sa toghchán. Ansin thug sí foláireamh dóibh gur cheart dóibh ______________ na n-iarrthóirí a chur san áireamh sula vótálfaidis. Bheadh _____________ le comhlíonadh ag an té a thoghfaí. Dá bhrí sin ba chóir do gach dalta smaoineamh go cúramach sula gcaithfidis a vóta.

**Pictiúr 2. Reachtáladh toghchán agus vótáil na daltaí go léir.**

Os rud é nach bhfuil trácht ar _____________ a bheith ag stocaireacht roimh an toghchán is léir nár ghá do dhaltaí ach ainm an té a bhí uathu a scríobh ar pháipéar ______________ agus é a chur sa bhosca speisialta a chuir an múinteoir ar fáil faoina chomhair. Bosca ab ea é nach raibh de bhéal air ach scoilt ghearr chaol ina bharr. Ní túisce an toghchán fógartha ná scuaine daltaí ag feitheamh lena vóta a _______________.

**Pictiúr 3. Chomhair beirt mhúinteoirí na vótaí.**

Nuair a bhí an t-am caite don toghchán thug Pádraig de Barra, duine de na múinteoirí, agus an múinteoir i gceannas ar an séú bliain, Iníon Uí Néill, bosca na bpáipéar ballóide síos go dtí an Oifig Ghinearálta chun na vótaí a ____________. D'oscail siad an bosca agus ____________ siad na páipéir bhallóide amach ar an ___________ sa spás a bhí glanta acu in aice leis an ríomhaire. [Ar an mballa taobh thiar díobh bhí clár fógraí agus go leor nótaí agus fógraí greamaithe de le tacóidí.]

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 4. Eagraíodh ócáid mhór chun toradh an toghcháin a fhógairt.**

Tamall ina dhiaidh sin eagraíodh __________ mhór fhoirmiúil i halla na scoile. Thuas ar an ardán tarraingíodh an dá bhrat stáitse siar agus sheas Iníon Uí Néill agus an Príomhoide i leataobh ar an taobh chlé den ardán. I lár an ardáin bhí crannóg agus chuaigh an múinteoir Pádraig de Barra suas ansin chun ____________ an toghcháin a fhógairt.
Taobh leis, ar sheastán sorcóireach, bhí __________ álainn airgid an bhuaiteora. Thíos ar úrlár an halla bhí daltaí na scoile ina suí agus iad ar _________ chun ainm "Scoláire na Bliana" a chloisteáil.

**Pictiúr 5. Ba í Sandra Ní Cheallaigh a toghadh ina "Scoláire na Bliana."**

Ar deireadh thiar thall ________________ Pádraig toradh an toghcháin. Dúirt sé gur toghadh Sandra Ní Cheallaigh mar Scoláire na Bliana. Ghlaoigh sé uirthi agus d'iarr sé uirthi teacht aníos chun ______________ leis an gcorn. Thug an slua ______________ bos dúthrachtach di.

**Pictiúr 6. Bronnadh Corn uirthi. Bhí ionadh uirthi.**

Cuthaileach go leor a bhí Sandra agus í ag dul suas ar an ardán. Labhair Pádraig de Barra agus thug sé ___________ bheag á moladh. Dúirt sé go raibh an gradam ____________ go maith aici i ngeall ar a dea-iompair agus i ngeall ar an sár-obair a dhéanadh sí. Anuas air sin bhíodh sí i gcónaí sásta cuidiú le daltaí eile. Rinne sé _____________ léi. Bhronn Pádraig an corn ar Sandra. Is ar éigean a bhí Sandra in ann labhairt in aon chor. Bhí sí an-trína-chéile. Ní raibh ______________ aici le gradam mar seo. Dúirt sí go raibh ionadh uirthi. Ghabh sí buíochas leo siúd a vótáil di sa toghchán.